# Eolas Breise d’Iarratasóirí ar an gClár

Chuir an tAire Oideachais agus Scileanna agus An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige An Bord Chomhairleach Cáilíochtaí (QAB) ar bun leis an athbhreithniú ar Chéimeanna Bhunoideachais Ghairmiúla (Leibhéil 7 agus 8) a bhainistiú d’Earnáil na Luathfhoghlama agus Cúraim (ELC) in Éirinn.

In Aibreán 2019, d’aontaigh an dá Aire ar Chritéir Ghairmiúla Bhronnta agus Treoirlínte (PACG) do Chéimeanna Bunoideachais Gairmiúla d’earnáil na Luathfhoghlama agus Cúraim in Éirinn. Foilsíodh iad seo ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tá na PACGnna ar fail anseo:

Tá na feidhmeanna seo a leanas ag an QAB:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí don chlár agus a gcomhleanúnachas leis an LCÉ a dheimhniú;
- Maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas dhearbhaithe caighdeáin chun tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm cláir nua le teastais nua le gnóthú astu, bunú painéal saineolaithe san áireamh a thabharfaidh cuairt ar sholáthróirí cúrsaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gclár nua.
- Comhairle a chur ar An Roinn Oideachais agus Scileanna agus ar An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le clár a chur le liosta athbhreithnithe cáilíochtaí gairmiúla don earnáil Luathfhoghlama agus Cúraim, ach iad a bheith deimhnithe.

Tá painéal de shaineolaithe sa luathoideachas ceaptha ag an QAB chun iad a choinneáil ar an eolas maidir le cinntí agus déanfaidh beirt athbhreithneoirí neamhspleácha athbhreithniú ar gach clár agus déanfaidh siad na torthaí a thuairisciú leis an mBord.

## Ceisteanna Coitianta

**C. Cé hiad na baill atá ar an mBord Chomhairleach Cáilíochtaí?**

F. Is ainmnithe iad baill den Bhord Chomhairleach Cáilíochtaí a thagann ón Roinn Oideachais (RO), An Roinn Leanaí, Comhionannais, Éagsúlachta, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCÉLÓ), An Cumann Teicneolaíochta Ardoideachais (THEA), Cumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA), Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus an tÚdarás Um Ard-Oideachais (HEA). Tá an saineolas agus an taithí ag na heagraíochtaí seo i bhforbairt agus soláthar clár le haghaidh dámhachtain san ardoideachas agus bailíochtú na gcineálacha cláir seo agus eolas nó taithí a fheileann d’fhorbairt cláir acadúla I réimse an Luathoideachais agus Luathchúraim. Níl baill an bhoird fostaithe, ná rannpháirteach ná bainteach le clár ar bith a d’fhéadadh a bheith faoi réir iarratais fhaomhadh an bhoird.

Is í An Dr. Máire Mhic Mhathúna an cathaoirleach neamhspleách.

**C. An gcaithfidh mé m’iarratas ar athbhreithniú a sheoladh go leictreonach nó mar chóip chrua?**

F. Cuir d’iarratas chuig an BCC go leictreonach chuig QAB@education.gov.ie.

**C. An gcaithfidh mé sonraí gach modúil atá á ndéanamh agam a sheoladh?**

F. Caithfidh. Tá ábhar na modúl de dhíth ar na hathbhreithneoirí.

**C. An gcaithfidh mé Curriculum Vitae na mball foirne a sheoladh?**

F. Caithfidh tú faisnéis a sheoladh a bhaineann le cáilíochtaí agus taithí na foirne. Bí cinnte, áfach, go gcuirtear faisnéis phearsanta faoi cheilt. Mar shampla, seoltaí agus uimhreacha gutháin.

**C. An féidir leis an mBord Comhairleach Cáilíochtaí athbhreithniú a dhéanamh ar ár gClár Leibhéal 6 freisin?**

F. Ní féidir. Tá freagracht ar an mBord Comhairleach Cáilíochtaí athbhreithniú a dhéanamh ar Chláir Leibhéal 7 agus Leibhéal 8 amháin.

**C. Cuirimid an clár céanna ar fáil i suíomhanna difriúla. An gcaithfimid iarratas a dhéanamh do gach suíomh?**

F. Caithfidh. Cé gur féidir an clár acadúil céanna a sholáthar i níos mó ná suíomh amháin, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann maidir le soláthar an chláir, m.sh. an fhoireann a sholáthraíonn an clár, an timpeallacht foghlama srl.

**C. Níl mé cinnte faoin riachtanas socrúcháin ghairmiúla agus cad is 35% den socrúchán ann?**

F. Tagraíonn sé seo do 35% d'uaireanta an chláir a thugtar do mhic léinn a bheith ar shocrúcháin dhíreacha ag obair le páistí óga. Níl ranganna oidis, léachtaí nó imeachtaí riaracháin d'ullmhúcháin socrúcháin san áireamh anseo. Is féidir socrúchán le heagraíocht ghairmiúil ábhartha a bheith san áireamh ar nós an Choiste Chontae Cúram Leanaí, DCDEI nó An t-Aonad Polasaí Oideachais do na Luathbhlianta srl.

**C. An dtabharfar ainmneacha athbhreithneoirí mo chláir dom?**
F. Chun ionracas gach athbhreithnithe a chosaint, ní thabharfar ainmneacha na n-athbreithneoirí aonair d'iarratasóirí. Foilseofar ainmneacha na n-athbhreithneoirí uile ar leathanach an QAB ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais.

**C. Chuir mé mo chlár isteach cheana féin ach is mian liom athruithe a dhéanamh air. An gcaithfidh mé an BCC a chur ar an eolas faoi seo?**

F. Má shocraíonn tú ar gan an clár a reáchtáil, é a chur a ceal nó é a athrú i ndiaidh an deimhnithe seo, caithfidh tú eolas a chur chuig an QAB le go mbeidh a dtaifead cothrom le dáta. Má mheasann an QAB gur athraíodh an clár go mór beidh ort iarratas a athchur agus na hathruithe ar an gclár deimhnithe á n-aibhsiú agat. Chomh maith leis sin, ní mheasfar go gcomhlíonfaidh an clár athruithe riachtanais na PACG sula mbeidh sé seo deimhnithe ag an QAB.

**C. Athróidh ainm an chláir ach tá ábhar an chláir mar an gcéanna. An gcaithfidh mé an QAB a chur ar an eolas faoi seo?**
F. Caithfidh. Is ionann athrú ainm agus athrú ábhair. Féach an freagra thuas..

**C. An bhfuil foclaíocht ar leith ann is féidir a úsáid chun faomhadh an QAB ar ár gclár ECEC a léiriú ar ár suíomh gréasáin?**

F. Tá. D'aontaigh an Bord gur chóir an fhoclaíocht seo a úsáid:

Tá an clár seo deimhnithe ag an mBord Comhairleach Cáilíochtaí (a bunaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chláir Chéimeanna Leibhéil 7 agus 8 don Earnáil Luathbhlianta agus Cúraim). Comhlíonann sé riachtanais na gCritéar Gairmiúil Bronnta agus Treoirlínte.

**C. Murar éirigh le m'iarratas an bhfuil táille ann chun athiarratas a dhéanamh?**
F. Níl aon táille ar athiarratas a dhéanamh.

**C. An bhfoilseofar toradh an athbhreithnithe ar mo chlár?**
F. Foilseofar ainm gach institiúide agus cláir a chomhlíonann critéir na PACG ar shuíomh gréasáin ROS. Ní fhoilseofar ainmneacha na gclár nach gcomhlíonann critéir na CGBT agus beidh sonraí na gclár seo ar eolas ag soláthróir an chláir amháin.

**C. Fuair mé toradh athbhreithnithe mo chláir agus níl mé cinnte faoin gcéad rud eile atá le déanamh. Cé leis a labhróidh mé?**

F. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an QAB sa chéad dul síos agus beidh siadsan in ann chomhairle a chur ort. Is féidir teagmháil dhíreach ríomhphoist a dhéanamh leo ag QAB@education.gov.ie.

**C. An féidir liom labhairt go díreach leis na hathbhreithneoirí maidir le m'iarratas cláir?**

F. Ní féidir. Caithfidh gach teagmháil dul trí rúnaíocht an QAB agus sonraí teagmhála QAB@education.gov.ie in úsáid.

**C. Cad é is féidir liom a dhéanamh mura n-aontaím le Tuairisc an Athbhreithnitheora?**

F. Tá próiseas inmheánach athbhreithnithe i bhfeidhm chomh maith le próiseas seachtrach. Tá sonraí ar fáil anseo here.

**C. Chuir mé clár isteach cheana do 2021 roimh athbhreithniú clár inmheánach. An gcaithfidh mé é a athchur tar éis an athbhreithnithe seo má dhéantar athruithe?**

F. Caithfidh ach aibhsigh na hathruithe go soiléir sa bhunchlár. Ba chóir gur chuidiú sé seo chun an próiseas iarratais a bhrostú.

**C. Cá mhinice a thagann an BCC le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais?**

F. Tiocfaidh an BCC le chéile trí huaire sa bhliain agus níos minice nuair is gá?

**C. Cad iad na dátaí deiridh d'iarratais?**

F. 2020 Dáta deiridh d'iarratais cláir :- 31/10/19

2021 Dáta deiridh d'iarratais cláir: 28/05/20

2022 Dáta deiridh d'iarratais cláir 31/03/21

Is féidir le hiarratasóirí cláir a chur isteach níos luaithe ná na dátaí seo más mian leo. Déanfar athbhreithniú ar gach iarratas ar bhonn 'tiocfaidh do sheal mar a thiocfaidh tú féin'.

**Tá seimineár gréasáin ar fáil d'iarratasóirí anseo.** here.